Staitisticí Ioncaim Cíosa 2017

Meán Fómhair 2019

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís ar thuairisceáin a tíolacadh agus ar fhaisnéis bhainteach eile ag Brainse um Straitéis, Meastóireacht & Tuairisciú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ba chóir caitheamh leis na staitisticí seo mar staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú orthu.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le hioncam cíosa a sheoladh chuig statistics@revenue.ie

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

Maoine Cíosa Cónaithe agus Tráchtála 2017

Leagtar amach sa tábla seo a leanas iomlán an ioncaim chomhláin cíosa a fuarthas le haghaidh maoine cíosa cónaithe agus maoine cíosa tráchtála araon, agus líon na n-aonad cáiníocóra[1] a bhfuil ioncam cíosa á dhearbhú acu i leith na mblianta 2012–2017.

Bliain	Aonaid Cáiníocóra	Ioncam Comhlán Cíosa €M
2017	195,200	4,306
2016	193,100	4,215
2015	183,500	4,003
2014	178,500	3,982
2013	166,700	3,938
2012	157,900	4,034

Tugann an Fhoirm 11 2017 deis do cháiníocóirí a dhearbhú go sonrach an mhaoin tráchtála nó cónaithe atá ina maoine cíosa, agus tugann an páipéar seo briseadh síos ar an ioncam agus costais go leithleach le haghaidh an dá chineál maoine.

Maoine Cíosa Cónaithe

Ba ionann timpeall €2,849 milliúin agus suim iomlán an ioncaim cíosa chomhláin a dearbhaíodh ar mhaoine chónaithe in 2017, méadú €228 milliún ó 2016.

Léirigh sé seo timpeall **8%** d'iomlán an ioncaim chomhláin ó shaothruithe ioncaim a dearbhaíodh ar an bhFoirm 11s 2017.





Ba ionann €4,306 milliún agus suim iomlán an ioncaim cíosa a dearbhaíodh in 2017, agus is ionann an t-ioncam cíosa ó mhaoine cónaithe agus **66%** den iomlán seo. In 2016 an t-ioncam cíosa iomlán a dearbhaíodh ná €4.215 milliúin, agus is ionann an sciar cónaitheach agus 62% den iomlán seo.

[1] Meastar gur aonad amháin cánach iad daoine pósta nó páirtnéirí sibhialta a roghnaigh nó a mheastar a roghnaigh comh-mheasúnú

In 2017, dearbhaíodh 155,000 aonad cáiníocóra ioncam cíosa ar mhaoine chónaithe, agus ba ionann é seo agus thart ar **27%** d'aonaid cáiníocóra inmheasúnaithe a rinne Foirm 11 a thíolacadh an bhliain sin (~572,000). Is méadú é seo ó 2016, nuair a bhí an t-ioncam cíosa chónaithe a dearbhaíodh ag 145,000 aonad cáiníocóra as iomlán de ~560,000 Foirm 11s a tíolacadh.





As na cáiníocóirí sin a dhearbhaigh ioncam cíosa ar mhaoin chónaithe in 2017, léiríonn an t-ioncam cíosa sin thart ar **20%** dá n-ioncam cíosa comhlán don bhliain, cosúil le 2016.

An tsuim iomlán de chostais incheadaithe a éilíodh ar mhaoine chónaithe in 2017 ná timpeall €1,103 milliún. Is ionann seo agus tuairim is **39%** den ioncam cíosa comhlán a dearbhaíodh i leith maoine cónaithe in 2017. Leagtar amach sa tábla a leanas briseadh síos i leith na gcostas sin:



Ba chóir a thabhairt do d'aire:

- 'Iomlán Alt 23' - ní cheadaítear an faoiseamh seo ach sa chás gurb é 2017 an chéad bhliain éilimh.
- I measc na gcostas sa chatagóir 'Costais Iomlána Eile', tá costais amhail préimheanna árachais, cothabháil maoine, costais clárúcháin leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) srl.

Leagtar amach sa chairt a leanas céatadáin na gcostas incheadaithe éagsúla a éilítear i ndáil leis na costais iomlána a éilíodh i leith 2016 agus 2017:



Maoine Cíosa Tráchtála



In 2017, dhearbhaigh 58,500 aonad cáiníocóra ioncam cíosa ar mhaoine tráchtála, agus ba ionann é seo agus thart ar **10%** d'aonaid cáiníocóra inmheasúnaithe (~572,000) a rinne Foirm 11 a thíolacadh an bhliain sin. In 2016, dhearbhaigh 64,000 aonad cáiníocóra ioncam cíosa ar mhaoine tráchtála.

An tsuim iomlán d'ioncam cíosa comhlán a dearbhaíodh ar mhaoine tráchtála in 2017 ná timpeall €1,457 milliún. Ba ionann é seo agus timpeall **4%** den ioncam iomlán comhlán a dearbhaíodh ar an bhFoirm 11s a bhí tíolactha ag gach cáiníocóir, cosúil le 2016.



As na cáiníocóirí sin a dhearbhaigh ioncam cíosa ar mhaoin tráchtála in 2017, ba ionann an t-ioncam cíosa sin agus thart ar **25%** dá n-ioncam cíosa comhlán don bhliain, laghdú beag i gcomparáid le 2016.



An tsuim iomlán de chostais incheadaithe a éilíodh ar mhaoine tráchtála in 2017 ná timpeall €544 milliún. Is ionann seo agus tuairim is **37%** den ioncam cíosa comhlán a dearbhaíodh i leith maoine tráchtála in 2017. Laghdú €90 milliún é seo i gcomparáid le 2016. Leagtar amach sa tábla a leanas briseadh síos i leith na gcostas sin:



Leagtar amach sa chairt a leanas céatadáin na costais incheadaithe éagsúla a éilítear i ndáil leis na costais iomlána a éilíodh i leith 2016 agus 2017: